Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10697 – ARAMCO OVERSEAS COMPANY / LOTOS SPV 1)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 385/08)

1. An 27 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Aramco Overseas Company B.V. ("AOC", an Ísiltír), faoi rialú Saudi Arabian Oil Company (an Araib Shádach),

— Lotos SPV 1 sp. z o.o. (an "Spriocghnóthas", an Pholainn).

Gheobhaidh AOC rialú aonair ar an Spriocghnóthas ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn AOC réimse leathan seirbhísí dá bhfiontair chleamhnaithe i ngrúpa Aramco na hAraibe Sádaí lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta airgeadais, bainistiú an tslabhra soláthair agus cineálacha éagsúla seirbhísí tacaíochta riaracháin,

— Is meán sainchuspóireach é an Spriocghnóthas agus fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Lotos (Orlen faoi láthair) atá gníomhach i ndáileadh mórdhíola breoslaí sa Pholainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10697 – ARAMCO OVERSEAS COMPANY / LOTOS SPV 1

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").